Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10000/23**

**FISC 106**
**ECOFIN 548**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) le linn Uachtaránacht na Sualainne – Formheas |

1. I gcomhréir leis an sainordú atá aici, tuairiscíonn an Mheitheal um an gCód Iompair go tráthrialta don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh aici ina cuid oibre. Leagtar amach in 9875/23 + ADD 1-5 an tuarascáil leathbhliantúil is déanaí ón Meitheal um an gCód Iompair chuig an gComhairle.
2. Rinneadh scrúdú ar dhréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na Sualainne agus ag an gcruinniú den Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) an 2 Meitheamh 2023.
3. Dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an 7 Meitheamh 2023 gur thángthas ar chomhaontú maidir leis an téacs.
4. Iarrtar ar an gComhairle (Ecofin) na conclúidí sin a fhormheas mar mhír 'A' an 16 Meitheamh 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle**

**maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)**

**le linn Uachtaránacht na Sualainne**

Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI éifeacht dhearfach an Chóid Iompair agus obair na Meithle maidir le cleachtais chánach dhíobhálacha a laghdú agus maidir leis an laghdú ar chórais chánach fhabhracha a laghdú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda;

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na Sualainne, go háirithe maidir leis na fógraí i ndáil le neamhghníomhaíocht agus rolladh siar, leis an athbhreithniú ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha i mí Feabhra 2023 agus an obair chun próiseas liostaithe an Aontais a neartú a thuilleadh;

3. FORMHEASANN SÍ tuarascáil na Meithle mar a leagtar amach in 9875/23 + ADD 1-5 í;

4. FORMHUINÍONN SÍ an dul chun cinn a rinneadh sa Mheitheal maidir le measúnú ar na fógraí i ndáil le neamhghníomhaíocht agus rolladh siar agus IARRANN sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar shaincheist na neamhghníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar; FORMHUINÍONN SÍ na measúnuithe arna gcomhaontú ag an Meitheal maidir le héifeachtaí iarbhír na mbeart aonair mar a chomhaontaigh an Mheitheal agus IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar na bearta aonair sin;

5. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d'idirphlé éifeachtach leis na dlínsí agus leanúint den fhaireachán, ionas go leanfaidh na dlínsí dá ngealltanais faoi seach a chomhlíonadh agus critéir liostaithe an Aontais i gcomhréir leis na spriocdhátaí a comhaontaíodh a chomhlíonadh;

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI go háirithe an dul chun cinn atá déanta ag dlínsí a chuir an t-athchóiriú ar a gcórais maidir le díolúine ioncaim ó fhoinse eachtrach i gcrích laistigh den spriocdháta a moladh agus an t-idirphlé atá ar siúl faoi láthair le roinnt dlínsí eile atá i mbun athchóiriú a dhéanamh ar a gcóras maidir le díolúine ioncaim ó fhoinse eachtrach d'fhonn gnóthachain chaipitiúla ó fhoinse eachtrach a áireamh i raon feidhme an athchóirithe sin; agus IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin an dul chun cinn a rinneadh maidir le dlínsí cánach nach ngearrann cáin nó nach ngearrann ach cáin ainmniúil i gcomhthéacs faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gceanglas maidir le tábhacht eacnamaíoch faoi chritéar 2.2 agus le dlínsí ábhartha i ndáil le cur chun feidhme chaighdeán íosta frith-BEPS i dtaca le tuairisciú de-réir-tíre (critéar 3.2) agus maidir le cur chun feidhme an uathmhalartaithe faisnéise (critéar 1.1) agus an mhalartaithe faisnéise arna iarraidh sin (critéar 1.2);

7. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair chun úinéireacht thairbhiúil a ionchorprú mar cheathrú critéar trédhearcachta cánach;

8. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair ar an meastóireacht ar chur i bhfeidhm na mbeart cosanta ag na Ballstáit i réimse na cánach i leith dlínsí neamh-chomhoibríocha, i gcomhréir leis an Treoir a comhaontaíodh, agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle maidir leis an dul chun cinn breise a dhéanfar sna réimsí sin;

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI obair na Meithle, mar a leagtar amach sa tuarascáil ón nGrúpa, maidir le liosta an Aontais a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear an fhéidearthacht raon feidhme geografach liosta an Aontais a leathnú a luaithe is féidir; IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair sin agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle maidir leis an dul chun cinn breise a dhéanfar sna réimsí sin;

10. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na Spáinne.